



Na Peirsigh Persians

Drámadóir Playwright **Aeschylus**

Aistritheoir Translator **Nuala Ní Dhomhnaill**

Stiúrthóir Director **Conor Hanratty**



PACA ACMHAINNÍ

Scríofa ag **Bríd Ní Ghrúagáin**

le hábhar breise ó **Conor Hanratty,**
Maree Kearns agus **Joan O'Clery**

Léiriúchán Amharclann na Mainistreach
An Abbey Theatre production



“Instantly
compelling”
The Irish Independent

“Tour de force
drámadóireachta
agus filíochta”
Tuirisc

★★★★
“Superb
production”
The Arts Review

As Gaeilge with English surtitles


Na Peirsigh Persians

ION HAIR: MAGEE, STE. MURPHY / AAO

Drámadóir Playwright Aeschylus
Aistritheoir Translator Nuala Ní Dhomhnaill
Stiúrthóir Director Conor Hanratty

6.3.24–6.4.24
Ar Stáitse na Péacóige
On the Peacock Stage

abbeytheatre.ie
#napeirsigh



Clár Ábhair

- Fáilte
- Achoimre
- Aeschylus agus an Drámaíocht sa Ghréig Ársa
- Na Príomhcharachtair
- Téamaí
- Comhthéacs an lae inniu
- Nuala Ní Dhomhnaill, drámaí véarsa
- Drámaíocht na Gaeilge
- Ábhar Comparáide: Cré na Cille, Titanic, Der Untergang, Dunkirk
- Léarscáil: Cathairstáit na Gréige agus Impireacht na bPeirseach



Fáilte

Tá fáilte romhat chuig an bPéacóg, agus Amharclann na Mainistreach, amharclann náisiúnta na hÉireann, don léiriú seo de *Na Peirsigh*, le hAeschylus, aistrithe ag Nuala Ní Dhomhnaill. Sa phaca acmhainní seo, cuirfimid aithne ar an dráma seo, ar an bhfáth go bhfuilimid ag tabhairt faoi, agus conas mar is féidir linn machnamh a dhéanamh air i gcomhthéacs an lae inniu.

Tá daoine ann a deir go bhfuil an Ghaeilge sean-fhaiseanta, nó go bhfuil an teanga marbh fiú! Gach dara mí bíonn alt scríofa sna nuachtáin nó ar líne, nó polaiteoir ag rá gur fearr fáil réidh leis an teanga inár scoileanna, nó daoine mór le rá ag maíomh gur cuma leo faoin teanga.

Ach ag an am gcéanna, tá an teanga ag bláthú in áiteanna nár samhlaíodh riamh í. Tá scannáin ar nós *Arracht, Róise & Frank*, agus dar ndóigh *An Cailín Ciúin* ag gnóthú duaiseanna mórthimpeall an domhain. Tá ós cionn 3.4 milliún amharc faighte ag an bhfíseán den agallamh a rinne Paul Mescal le hiriseoir ó TG4 ag na Baftas i 2023, agus ghabh Cillian Murphy buíochas i nGaeilge agus é mar an chéad fhear a rugadh in Éirinn leis an duais don aisteoir is fearr a bhuachan ag na Oscars i 2024. Tá pléascadh ceoil trí Ghaeilge lena leithéidí KNEECAP agus IMLÉ, agus borradh den chineál céanna ag tarlú i dteangacha ceilteacha eile ar nós Gwenno Saunders a chanann i nGaeilge Mhanann a fuair ainmniúchán don Mercury Music Prize i 2021.



An bhfuilimidne, mar sin, ag géilleadh den tuairim faoin sean-fhaiseantacht, má bheartáimid dráma atá thart ar 2,500 bliain d'aois a aistriú go Gaeilge is a chur ar stáitse? Nó an bhfuilimid ag rá gur cuma cé chomh fada is a thaistealaíonn tú ón oileán seo, agus gur cuma cé chomh fada siar sa stair (nó ar aghaidh chuig an todhchaí) a théann tú, tá an Ghaeilge chomh saibhir, solúbtha, gur féidir léi ciall a bhaint as an méid atá ag tarlú, agus gur féidir linne brí nua a bhaint as na himeachtaí seo. Ag an am gcéanna, tá súil againn go gcruthóimid go bhfuil an scéal seo díreach chomh tráthúil inniu is a bhí nuair a cuireadh ar stáitse é don chéad uair i 472BCE, díreach 8 mbliana i ndiaidh don chogadh a déantar cur síos air ann.

Seo chugainn, mar sin, chuig *Na Peirsigh*: an dráma is sine san Eoraip, scríofa ag na Gréigigh mar gheall ar na Peirsigh, agus anois aistrithe isteach sa teanga labhartha is sine san Eoraip, an Ghaeilge.

Achoimre



Dráma is ea *Na Peirsigh* ina tharlaíonn mórchuid de na nithe is drámatúla i bhfad ón stáitse. Ní fheicimid na nithe seo ag tarlú, ach insíonn daoine dúinn iad. Insíonn an Bhanríon dúinn faoina taibhreamh. Insíonn an Teachtaire dúinn faoin nuacht is déanaí ón nGréig. Insíonn Darius dúinn faoi Hades agus domhan na marbh, agus faoi na glúnta a tháinig roimhe.

Sa chaoi seo, tá nasc láidir aige le traidisiún scéalaíochta agus seanchais na hÉireann. Agus tú ag faire ar an dráma, cuimhnigh conas mar a bheadh sé maireachtáil sul má bhí meáin shóisialta ann, nó idirlíon, teilifís, raidió, nó fiú páipéir nuachtáin. Machnaimh ar conas mar a bheadh sé maireachtáil in am nach féidir leat scéalta móra a fháil seachas má thagann duine suas chomh fada leat, agus go n-insíonn siad an t-iomlán duit. Agus ansin, smaoinigh go bhfuil Oileán Salamis thart ar 2,800 ciliméadar ó chathair Sousa!



An Feitheamh



An bhliain ná 480 BCE. Tá airm iomlán na bPeirseach imithe chun na Gréige chun an réigiún sin a chur faoi smacht, agus é a shlogadh isteach in impireacht na bPeirseach (féach an léarscáil ar cúl an phaca seo). Tá gach fear atá in ann troid imithe ar an aistear seo, agus níl fágtha sa tír ach na mná, páistí óga, agus seanóirí. Is iad na seanóirí atá ós ár gcomhair anseo, cruinnithe le chéile chun staid na tíre a phlé, agus chun comhairle a chur ar an mBanríon más gá. Tá siad suite in halla solúnta, atá gar d'uaigh an Rí Darius, ag feitheamh.

Tá an cór bródúil as saibhreas na bPeirseach, agus as fórsaí na himpireachta lena saigheada tapa, seachas lanna malla mhuintir na hAithéine. Déanann siad maíomh as cé chomh láidir, cróga agus sciliúil is atá a gcuid fear, agus conas mar a smachtaigh an Rí Xerxes an nádúr féin, trí dhroichead a thógáil thar an Hellespont (an caolas idir an Pheirs agus an Ghréig) chun go bhféadfadh lena airm siúl caol díreach i dtreo chathair na hAithéine.

Ach tá imní ag fás eatarthu. Tá siad fágtha gan aon nuacht ró-fhada, agus toisc a seanaois, agus an taithí saoil atá acu, tuigeann siad nach maith an rud é sin. Cathain go dtiocfaidh scéal nua ó Xerxes?



Taibhreamh na Banríona



Tagann an Bhanríon, máthair Xerxes, i láthair. Bhí taibhreamh aisteach aici nach féidir léi ciall a bhaint as. Insíonn sí scéal an taibhrimh do na seanóirí. Tá beirt deirfiúracha ann, duine in éide Gréigeacha, an duine eile in éide Peirseacha. Tá siad ag troid, agus tagann Xerxes eatarthu chun iad a chiúiniú. Beireann sé greim orthu agus ceanglaíonn sé iad dá charbad. Ciúiníonn duine acu síos, ach an bhean eile, troideann sí go fíochmhar agus titeann Xerxes dá charbad go talamh. Sa taibhreamh seo, deir an Bhanríon go bhfaca a fear céile, Darius, Rí na Ríthe, é seo go léir cé go bhfuil sé marbh le cúpla bliain, agus go gcuirfeadh sé sin a thuilleadh náire ar Xerxes.

Ní hamháin sin, ach nuair a d'éirigh sí agus nuair a chuaigh sí lena lámha a ghlanadh, chun an taibhreamh a chur taobh thiar di, chonaic sí iolar ionsaithe ag seabhac – sin droch-chomhartha ós na déithe. Ceapann sí go bhfuil na déithe ag obair i gcoinne na bPeirseach chun na Gréigigh a neartú, le go mbuafaidh arm beag ar an arm mór, faoi mar a bhuaigh an seabhac beag ar an iolar mór groí. Téann sí láithreach le comhairle a lorg, agus brí an taibhrimh agus an radharc den iolar agus an seabhac a thuiscint níos fearr.

Deir na seanóirí léi íobairt a dhéanamh chun na déithe, agus na mairbh a choimeád socair, agus tá sí sásta é sin a dhéanamh. Iarrann sí cén fáth a bhfuil Xerxes chomh tógtha leis an Aithéin. Freagraíonn siadsan, ag rá go dtitfidh an Ghréig go léir ar a nglúine má cheannsaíonn Xerxes an chathairstát amháin sin. Tá siad saibhir, a deir na seanóirí, ach tá siad gan cheannaire, agus níl acu ach lannsaí malla. Ach cuimhníonn na seanóirí freisin gur theip ar Darius féin fiú an lámh in uachtar a fháil ar an nGréig ní ró-fhada ó shin.



Tagann an Teachtaire



Brostaíonn teachtaire isteach leis an nuacht go bhfuil fórsaí uile na bPeirseach buailte. Agus cé go bhfuil an Rí Xerxes tagtha slán, scaoileann sé uaidh liosta fada na mairbh: iad siúd a cailleadh ar Oileán Salamis.

Cé go bhfuil faoiseamh éigin i ndán don Bhanríon nuair a chloiseann sí go bhfuil a mac fós beo, lorgaíonn sí a thuilleadh eolais. Is ansin a mhíníonn an Teachtaire faoi ghliceas na nGréigeach agus conas a bhuaileadar bob ar na Peirsigh. D'úsáideadar a gcuid longa chun iad a dhiongadh isteach i longa na bPeirseach, agus chuaigh siad go tóin poill. Is ar éigean a tháinig aon Pheirseach i dtír, gan fiú trácht ar cos a leagan ar thalamh na Gréige.

Lena thuilleadh uafáis a dhóirteadh anuas ar sin, míníonn an Teachtaire gur chúlaigh roinnt de na trúpaí. Ritheadar i dtreo an talamh Achaeach, áit ar maraíodh níos mó acu den tart agus den ocras. Agus iad ag iarraidh filleadh ar an bPeirs, thrasnaíodar tailte agus cathracha inar bádh iad, nó inar reódh iad thar oíche.

Níl an Bhanríon in ann mórán eile a chlos, agus ní dócha gur féidir leis an Teachtaire mórán eile a rá. Mar sin, filleann sí ar an bpálás, le guí chuig na déithe, ag súil nach n-éireoidh cúrsaí níos measa fós.



Achainí chuig an Rí Marbh

Caoineann na seanóirí “go fada bog binn” leis an mbrón agus leis an uafás. Ní féidir leosan páistí a bhreith a thuilleadh. Ní féidir leo troid leis an bPeirs a chosaint má thagann na Gréigigh ag lorg díoltais. Cad as a dtiocfaidh an chéad ghlúin eile de Pheirsigh? Níl éinne ann chun na fórsaí a chruinniú, nó chun plean a dhéanamh.

Filleann an Bhanríon le deochanna beannaithe le tabhairt don talamh, chun go scaoilfidh na déithe an Rí Darius amach ó Thír na Marbh. Tá na Peirsigh sin chomh scriosta leis an nuacht, nach féidir leo smaoineamh ar aon rud ach an sean-rí marbh a thabhairt ar ais chun a chomhairle a lorg.



Glaonn an cór ar Darius teacht aníos agus labhairt leo. Agus tagann taibhse Darius ós a gcomhair. Tá na seanóirí chomh himníoch sin, nach féidir leo fiú féachaint air i dtosach. Téann an Bhanríon i mbun cainte leis, agus insíonn sí drochscéal an teachtaire dó. Deir Darius gur tharraing Xerxes fearg na ndéithe anuas air féin lena chuid mórtais. Mórtas a thug air triall ar an Aithéin a ghabháil. Mórtas a thug air an Hellespont a thrasnú le droichead. Iarrann na Seanóirí an bhfuil aon rud gur féidir a dhéanamh ag an staid seo.

Ar shlí, tá freagra Darius saghas greannmhar. Deir sé leo gan iarracht a dhéanamh riamh arís an Ghréig a smachtadh, fiú mura bhfuil iontu ach líon beag daoine. Deir Darius go bhfuil an talamh féin ina comhghuallaí don Ghréig agus go troideann sí ar a son. Deir sé freisin nach bhfillfidh na Peirsigh atá fós gafa sa Ghréig riamh. Beannaíonn sé dá sheanchairde agus filleann ar Thír na Marbh.




Filleadh Xerxes

Cloistear “Ochón” ó lasmuigh. Tá Xerxes fillte, agus a chuid róbaí stróicthe aige le brón agus le náire. Déanann sé caoineadh dá chomrádaithe a thit ar pháirc an áir, agus deir sé cé chomh huafásach is a bhraitheann sé faoin méid atá déanta aige. Ins an léiriú seo, ag tarraingt ar ár dtraidisiún agus ár gcultúr féin, tagann an caoineadh seo amach i bhfoirm amhráin, agus marbhna á chanadh aige óna chroí briste amach. Tá a chroí chomh lán sin, nach féidir leis caint. Tá an iliomad amhrán i dtraidisiún an tsean nóis in Éirinn a ghabhann le bás agus brón. Uaireanta, bíonn an brón chomh mór mílteach sin, gur gá dul i muinín an cheoil.



Aeschylus agus an Drámaíocht sa Ghréig Ársa



Tá *Na Peirsighle* hAeschylus ar an dráma is sine atá againn ina iomlán. Scríobh sé an dráma seo in 472BCE, mar chuid de thríológ de dhrámaí. Ag an am, ba ghnách le scríbhneoirí díriú ar na finscéalta, agus scéalta faoi na déithe, a leithéidí Zeus, Poseidon, Athena, Apollo, agus Dionysus dar dóigh. Is minic a rinne Aeschylus é seo, ach le *Na Peirsigh*, rinne sé rud neamh-ghnáthach. Scríobh sé mar gheall ar an bhfíorshaol. Agus níos spéisiúla fós, scríobh sé mar gheall ar rud a bhí díreach tarlaithe. Tharla Cogadh Oileán Salamis thart ar seacht mbliana sular cuireadh an dráma ar stáitse. Bhí an scéal ar eolas ag gach éinne. Agus gach seans go raibh aithne ag daoine sa lucht féachana ar shaighdiúirí a fuair bás sa chogadh sin. Caithfidh go raibh sé an-dian breathnú ar rud a bhí chomh húr sin in aigne na ndaoine.

Smaoinímis ar ár dtaithe féin inniu. Nuair a tháinig na céad scannáin amach faoin ionsaí ar an dá thúr i Nua Eabhrac (9/11), b'shin díreach cúpla bliain ina dhiaidh agus bhí go leor leor daoine ag rá go raibh sé ró-luath a leithéid a dhéanamh. Nó fiú níos gaire don lá inniu, nuair a bhuaigh *20 Days in Mariupol* duais Oscar i 2024, go ndúirt an stiúrthóir *“I will be the first director on this stage who will say I wish I'd never made this film.”* Is deacair an rud é aghaidh a thabhairt ar an uafás ón bhfíorshaol. Agus is deacra fós é nuair atá sé fós ag dul ar aghaidh. Is fiú cuimhneamh ar ghné eile atá spéisiúil faoi dhráma Aeschylus. Níor scríobh sé é ó thaobh na nGréigeach é, ach ó thaobh na bPeirseach. Deirtear gurb é Winston Churchill a dúirt *“History is written by the victors.”* An bhfuilimid ag fáil leagan cruinn den scéal anseo? An dóigh leat go bhfuil Aeschylus cóir leis na Peirsigh? Tabhair faoi deara go gcuireann Aeschylus an focal “barbarach” i mbéal na bPeirseach agus iad ag labhairt fúthu féin. An dóigh leat go ndéanfadh daoine in impireacht chomh cumhachtach leis an bPeirs cur síos orthu féin mar bharbaraigh?



Drámaíocht na Gréige Ársa I



Cuid lárnach de dhrámaí Gréigeacha ná an **cór**. Inár léiriú sa Phéacóg tosnaíonn gach duine sa chór, agus seasann cúpla duine amach chun róil éagsúla a imirt anois is arís. Seasann an cór don scéalaí, agus do na gnáth-daoine. Sa Ghréig ársa, is cuid de dhualgaisí an saoránach páirt a ghlacadh i gcóracha sna féilte drámaíochta nuair a ghlaotar ort – saghas cosúil le bheith ar ghiúiré in Éirinn an lae inniu. Mar sin, bhí go leor gnáth-daoine ag glacadh páirt, amaitéirigh a thug a gcuid ama suas leis na línte, an rince agus an ceol a fhoghlaim. Is minic a chaithfeadh cór sé mhí ag cleachtadh le bheith réidh le dráma a chur ar stáitse. Agus dá mbainfeadh an dráma an duais amach, bheifeá ag maíomh as sin don chuid eile de do shaol.



Bheadh **aisteoirí** ins na príomhróil ansin. Agus cuimhnigh go raibh na hamharclanna seo ollmhór, leis na mílte duine i láthair, agus is cinnte nach raibh aon mhicreafóin thart. Mar sin, bhí an scríbhneoir ag brath ar an aisteoir a bheith in ann a ghuth a chaitheamh amach go cúl na hamharclanna.

Chun cabhrú leis sin, thug siad monalóga fada dóibh, chun go mbeadh an lucht féachana in ann dul i dtraithí ar ghuth amháin ag an am. Tabharfaidh tú faoi deara nach bhfuil mórán uaireanta sa dráma go mbíonn beirt ag caint lena chéile, agus nuair a tharlaíonn sé, bíonn sé gairid. Mar sin, is **monalóg** a bhí á n-úsáid acu formhór den am, le roinnt éigin **dialóg**. Is annamh a bheadh níos mó ná beirt ag labhairt in aon chomhrá, mar go mbeadh sé deacair ar an lucht féachana na guthanna a aithint óna chéile.

Difríocht eile i ndrámáíocht na Gréige ársa ná nach raibh cead ach ag **fir** a bheith ag aisteoireacht, mar a bhí sé in aimsir Shakespeare freisin. Is fir a bheadh i bpáirt na Banríona, chomh maith le Darius, an Teachtaire agus Xerxes. Agus cuimhnigh cé chomh minic is a luann na Seanóirí mná na bPeirseach inár léiriú. An mbeadh sé difriúil éisteacht le fir ag labhairt faoi mhothúcháin na mban, seachas mná ag rá conas mar a bhrathann siadsan? Cén leagan is cumhachtaí?



Comórtais

Bhí féile bhliantúil drámaíochta san Athéin, in onóir don dia Dionysus le **comórtas tragóide** mar chuid de. Ba ghnách duais a bhronnadh don dráma tragóide is fearr. Dála an scéil, tagann an focal **tragoidos** ó dhá fhocal ar leith: **trag** = gabhar, agus **oidos** = amhrán. Faraor, fanfaidh an chúis go dtugtar amhrán an ghabhair ar dhrámaí dá leithéid ina rún ag na Gréigigh ársa! Ach b'fhéidir go mbíodh gabhar á thabhairt mar íobairt don dia Dionysus, agus gurb amhlaidh drámaí tragóide agus íobairt de shaghas eile. Cá bhfios? Neamh-chosúil le tragóidí an lae inniu, bhí greann, ceol agus rince sna drámaí tragóide seo. Agus cé nach bhfuil mórán greann i *Na Peirsigh*, is cinnte go bhfuil an ghluaiseacht agus an ceol lárnach sa léiriú againne.

Bhí an fhéile seo ag rith le seasca bliain faoin dtráth a scríobh Aeschylus a thríológ de dhrámaí: *Phineus* (mar gheall ar mhiotas Jason agus na hArganátaigh), *Na Peirsigh*, agus *Prometheus Pyrkaeus* (dráma grinn faoin tiotán a sciob tine ós na déithe). Ní mhaireann ach script *Na Peirsigh* fós. Ghnóthaigh sé an chéad duais an bhliain sin, agus deirtear gur bhuaigh sé 13 duais ina iomlán as a chuid drámaí thar na mblianta. Thaitin an dráma go mór le daoine in Impireacht na Róimhe agus Impireacht na Biosáinte, agus bhí sé curtha ar stáitse leis na céadta bliain.



Na Príomhcharachtair



Tá triúir sa dráma seo ar fíor-dhaoine iad. Tá nótaí breactha daoibh in inscríbhinní i script d hingchruthach na bPeirseach a mhaireann fós san Iaráin agus tíortha uile Impireacht na bPeirseach.



Na Príomhcharachtair



An Bhanríon

An leagan Gréigeach dá hainm ná Atossa, ach sa tsean-Pheirsis is Utauθα atá uirthi. Rugadh í thart ar an mbliain 550BCE, an iníon is sine de Cyrus Mór. Deirtear gur pósadh í lena déartháir Cambyses II, i ndiaidh bás a hathair. (Tharla a leithéid seo san Éigipt freisin, le smacht a choimeád ar an líne ríoga in am an ghátair. Ní dócha go raibh mórán rogha ag na mná.) Fuair Cambyses II bás de ghoin a fuair sé i mbun troda sa tSiria, agus nuair a thóg Darius an rí-chathaoir óna dhéartháir, bheartaigh sé Atossa a phósadh, b'fhéidir chun leanúnachas éigin a choimeád sa líne ríoga. Dob é Xerxes an chéad mac acu, agus rugadh Hystaspes, Masistes agus Achaemenes dóibh freisin. Dar le na staraithe, bhí an-údarás aici, agus bhí meas ag an bpobal uirthi. Is fiú cuimhneamh freisin go raibh sí thart ar 70 bliain d'aois ins an dráma seo. Ní minic a mhair daoine chomh fada sin sa réamhstair. Fuair sí bás i 475BCE, trí bliana sular cuireadh an dráma seo ar stáitse.



Na Príomhcharachtair



An Rí Darius

(550 – 486BCE) Rialóir na bPeirseach, Rí na Ríthe san Impireacht Achaemenideach. Faoina stiúr, leathnaigh an impireacht sin go dtí an impireacht ollmhór atá le feiscint sa léarscáil ag cúl an leabhráin seo. Mharaigh sé Bardiya, déartháir Cambyses II, chun an rí-chathaoir a ghabháil. Chuir sé go leor éirithe amach faoi chos, sa Ghréig fiú le Éirí Amach na nIónach. Ach bhuaigh na Gréigigh air ag Cath Mharatón. Dhírigh sé ar go leor feabhais a chur ar bun sa Pheirs – bóithre agus foirgintí poiblí a thógáil, córais meáchana agus tomhais a bhunú, agus boinn a dhearadh le airgeadra a chruthú dá impireacht. Chruthaigh sé ceantracha laistigh den impireacht agus chuir *satrap* i gceannas ar aon cheann acu. Is léir ó na hinscríbhinní Peirseacha go raibh meas air i measc a phobal. Níos spéisiúla fós, b'fhéidir, is léir go raibh meas éigin ag na Gréigigh air, má smaoinimid ar an slí a scríobhann Aeschylus faoi sa dráma seo.



Na Príomhcharachtair



Xerxes

(515 – 465BCE) Rialóir na bPeirseach ó 486BCE ar aghaidh tar éis dá athair bás a fháil. Ceapadh é mar Rí cé go raibh déartháir níos sine aige, mac eile le Darius. Ach do é an chéad mhac ag Darius agus Atossa, agus toisc go raibh a mháthar nasctha le Cyrus, ceapadh go raibh stádas níos airde aige siúd. Mar a deir an Bhanríon sa dráma, bhí clú agus cáil ar Darius, agus bhí an oiread sin measa air as a chuid feachtais cogaidh agus an méid a rinne sé leis an impireacht a neartú. Pé rud a bhí ann, bhí brú ar an Rí úr a chruthú go raibh sé chomh maith lena athair. Agus is le mórtas a chuaigh sé chun an Hellespont a thrasnú, leis an nGréig a chur faoi smacht agus saibhreas na cathairstáit sin a ghlacadh chuige féin.

Tar éis na tubaiste a tharlaíonn sa dráma seo, filleann sé ar an bPeirs agus díríonn sé ar na scéimeanna tógála a thosnaigh a athair. I 465BCE, 15 bliain i ndiaidh Chath Salamis, maraíodh Xerxes agus a oidhre Darius. Droch-chomhartha é gurb é duine dá gharda cosanta féin a mharaigh iad. Is an triú mac aige, Artaxerxes I, a ghlac an rí-chathaoir.



Na Príomhcharachtair

An Teachtaire

Ba mhinic a cuireadh teachtairí de chos le dul ar ais chuig a dtíortha féin le nuacht a bhreith abhaile – deascéalta agus drochscéalta. Is amhlaigh a tharla leis an teachtaire seo, a bhí i láthair ag Cath Salamis, agus a thaistil na mílte ciliméadar ar ais go Sousa. Luann sé na hainmneacha de na taillte ar fad a théann sé tríd agus é ag filleadh abhaile: Boeotia, Phocia, Doris, Melia, an Tessáile, Magnesia, Macedonia, Axios, agus tír na nÉadóinach. Is féidir a thuras a leanúint ar an léarscáil ar cúl ó Salamis go Sousa.



An Cór

Is iad seo na Seanóirí – iad siúd nach raibh slogtha isteach san arm le dul ag troid. In aimsir Aeschylus, is fir amháin a bheadh anseo. Ach inár léiriú, tugaimid aithne freisin do na mná sinsearacha freisin. Cuimhnimis inniu ar mhuintir na hÚcráine atá tagtha go hÉireann ag lorg tearmann agus a gcuid fear go léir i mbun troda ansin ó 2022.



Téamaí I

Méala

Deirtear go bhfuil cúig staid leis an méala: séanadh, fearg, margáil, dúlagar, agus glacadh. Tá an méala uafásach seo le brath ó thús agus na seanóirí ag aithris ainmneacha na bhfear atá imithe chun cogaidh. An bhfuil séanadh i gceist sa tslí go ndéanann siad é seo? Caithfidh go bhfuil a fhios acu go bhfuil cúrsaí go dona. Tá siad fágtha chomh fada sin gan aon nuacht. Ach fós, ligeann siad orthu go bhfillfidh gach éinne má dhéanann siad aithris ar na hainmneacha. Agus cuireann siad comhairle ar an mBanríon íobairtí a dhéanamh chun na déithe a choimeád sásta. Ach ansin, tagann an Teachtaire. Níl féidir an drochscéal a sheachaint níos mó. An bhfeiceann tú aon rian den bhfearg, den margáil, den dúlagar, ins an slí go dtógann siad isteach an scéal seo? Agus b'fhéidir go gcríochnaíonn an dráma ró-luath le haghaidh glacadh. Ach i do shamhlaíocht, an dócha gur féidir le muintir na hÁise glacadh leis seo? An dóigh leat go mbeidh Xerxes ina rí mórán i bhfad eile?



Téamaí II

Díoltas

Níorbh é Cogadh Salamis an chéad uair go ndeachaigh an Pheirs chun troda le cathairstáit na Gréige. Bhí na cathanna seo ag dul ar aghaidh ó 492 go 449 BCE, nach mór caoga bliain. Bhuaigh na Peirsigh ar na Gréigigh i gCath Artemesium i 480BCE, ansin, bhuaigh na Gréigigh ar na Persigh i gCath Mharatón, rud a luann an Bhanríon. Deir sí, le teann feirge, go mba léir narbh leor na Peirsigh a fuair bás an lá sin, agus gur theastaigh ó Xerxes tuilleadh beatha a chur amú, agus gurb é sin an fáth a thug sé aghaidh ar chathair na hAithéine.

Má bhreathnaímid ar stair na hEorpa, d'fhéadfaimis a rá gurb amhlaidh a bhí sé idir an Fhrainc agus an Ghearmáin, nó níos faide siar ná sin leis an bhFrainc agus Sasana agus an Cogadh Céad Bliain. Anois, cuimhnigh ar an domhan faoi mar atá sé inniu? An féidir leat smaoineamh ar áiteanna ina bhfuil tíortha in adharca a chéile mar seo? De shíor ag ionsaí a chéile chun an lámh in uachtar a fháil?

Leis an bPeirs agus an Ghréig, tá impireacht mór láidir ar thaobh amháin, atá tar éis tíortha agus cultúir a shlogadh isteach, agus comharsa béal dorais ar an taobh eile, nach bhfuil chomh cumhachtach sin, ach a bhfuil a gcultúr agus a aitheantas gach pioc chomh láidir? An bhfuil aon chomparáid le déanamh ansin?



Téamaí III

Mórtas

Seo ceann de na téamaí is láidre tríd an dráma. Tosnaímid leis na Seanóirí sa Chór ag maíomh as saibhreas, crógacht, agus láidreachta na mbarbarach. Tá sé le feiscint ins an gcaoi a labhrann an Bhanríon faoin Aithéin agus í ag lorg comhairle na Seanóirí. Cé gur bhuaigh na Gréigigh ar a fear céile cheana féin i Maratón, ní chuireann sí mórán spéise iontu. Fiú i scéal an Teachtaire, is féidir linn a chloisteáil go bhfuil ionadh ar an Teachtaire gur buadh orthu. I ndáiríre, ní féidir leis a chreidiúint go raibh na Gréigigh níos fearr ná iad. Creideann sé go doimhin go gcaithfidh gur chabhraigh dia éigin leo, nach bhféadfadh siad buachaint ar na Peirsigh gan cúnamh ós na déithe. Agus labhrann gach duine faoin mórtas atá ar Xerxes, go raibh sé chomh ceandána tabhairt faoin ionsaí seo. Ar shlí, is ait é go dtagann an focal ciallmhar ón Rí Darius, a thugann dearcadh eile ó thír na marbh. Feiceann sé an amaidíocht in iarrachtaí Xerxes. Cuimhníonn sé ar na ríthe a tháinig roimhe, agus iad siúd a bhí gan chiall. Impíonn sé ar na Peirsigh geallúint a thabhairt nach ndéanfaidh siad ionsaí arís ar an nGréig.



Téamaí IV

Imní

Tá imní le brath ón gcór ón gcéad nóiméad, le bheith fírinneach. Agus fiú má tá an Bhanríon ag iarraidh a bheith láidir dá pobal, tá a cuid imní á nochtadh féin tríd an taibhreamh a bhí aici, ag preabadh amach aisti gan srian.

Ach an bhfuil imní ar an Teachtaire? Ar shlí, tá an chuid is measa feicthe aige cheana féin ar pháirc an áir. An bhfuil aon spás fágtha ina chroí don imní? Má sheasaimid ina bhróga siúd ar feadh tamaill, cad a fheicimid ina thodhchaí? Tá na mílte dá chairde agus comh-shaighdiúirí marbh. Tá cumhacht an rí ar lár. Cuimhnigh ar an méid a dúirt duine de na seanóirí:

“Ní fada anois a mharfaidh áitreoirí na hÁise faoi fhlaithneas na bPeirseach is a thabhairfaidh géillsine, faoi bhrú, don Rí. Is ní bheidh siad i bhfad eile faoi smacht aige, á n-umhlú féin ar an dtalamh roimhe: mar tá comhacht an Rí ar lár.”

An bhfuil todhchaí compórdach roimhe amach, fiú má fhilleann Xerxes ón nGréig?

Smaoinimis freisin ar an Rí Darius. Tá seisean an-spéisiúil i dtaobh imní. Is cinnte go bhfuil sé fiosrach cén fáth ar tharraing na daoine aníos ó Thír na Marbh é. Agus tá díomá air faoin méid anró a tharraing Xerxes anuas ar a thír. Ach an bhfuil imní air? Sula bhfágann sé, tugann sé nod dúinn:

“A Sheanóirí, fearaim slán agaibh. Tabhair pléisiúr dúr n-anam gach lá ar a thuras, fiú i gcoinne na ndeacaireachtaí, mar ní haon mhaith an saibhreas dos na mairbh.”



Comhthéacs an lae inniu: Cogaíocht agus Impiriúlacht

Tá cloiste againn faoi scéal *Na Peirsigh*, agus an slí ina thaispeántar an cur amú beatha agus an cur amú saibhreas, cultúr agus uile a ghabhann le cogaíocht. Labhraítear go pointeáilte faoi chogaíocht a ghabhann le ionradh a dhéanamh ar thír eile chun é a smachtú is a shlogadh isteach i do thír féin. Dráma frith-impiriúlach é, más ea, agus ar an drochuair, tá sé ró-éasca dúinn smaoineamh ar imeachtaí sa lá atá inniu ann a ghabhann leis an téama seo. Is fiú cúpla léiriú a lua, mar shamplaí:

I 1993, léirigh Peter Sellars an dráma ag Féile Dún Éidin, mar fhreagra ar an gcéad Chogadh na Murascaille 1990-1991.

I 2003, léirigh Tony Randall é i Nua Eabhrac, mar fheagra ar an dara Chogadh na Murascaille, agus ionradh Stáit Aontaithe Mheiriceá san Iaráic.

I 2010, léirigh Kaite O'Reilly *Na Peirsigh* i mbaile bréige sa Bhreatain Bheag, a bhí tógtha ag Arm na Breataine ar raon míleata ina mbíodh siad ag cleachtadh le haghaidh ionradh ós na Rúisigh le linn an Chogadh Fuar.

Faraor, is féidir breathnú ar an tSiria, ar an Mheán-oirthear agus an uafás atá ag titim amach san Iosráil agus sa Phailistín, agus ar an Rúis atá go doimhin ins an Úcráin le dhá bhliain anuas, agus níl ansin ach an tús.



An Ghéarchéim Aeráide

Is fiú freisin smaoineamh ar an gcaoi go labhraítear faoin nádúr sa dráma seo. Tá go leor luaite maidir leis an slí go ndeachaigh Xerxes in aghaidh an nádúir agus é ag cur an Hellespont faoi chuing. An mórtas a ghabh leis sin, gur cheap sé go bhféadfaidh sé buachaint ar an bhfarraige féin? Cuimhnigh ar an slí a labhrann an cór faoi na corpáin a bheith slogtha ag uiscí na bhfarraigí agus ite ag na héisc.

Agus na Peirsigh ag iarraidh éalú, iompaíonn an talamh ina aghaidh. Reoitear iad, ansin leánn an oighear le héirí na gréine. Ag an am gur scríobh Aeschylus an dráma seo, ba léir go raibh níos mó measa ag daoine ar an nádúr, agus níos mó inní orthu.

Cuimhnigh ar an mbanríon ag rá go bhfaca sí iolar mór mílteach scriosta ag seabhac beag. B'shin í ag rá go raibh an nádúr ag tabhairt foláireamh dóibh. An mó foláirimh atá faighte againne inniu ón nádúr maidir leis an nGéarchéim Aeráide?



Drámaíocht na Gaeilge I

Tá go leor á scríobh faoi láthair faoi ghéarchéim i ndrámaíocht na Gaeilge. Tá drámaí Gaeilge á léiriú go proifisiúnta sa tír le nach mór 140 bliain, ach is cinnte go bhfuilimid ag teacht as tréimhse a bhí ciúin go leor! Is ait sin i gcomhthéacs an bborradh cultúrtha sa teanga a luadh níos luaithe.

Bunaíodh An Comhar Drámaíochta i 1923 agus bhíodar gníomhach go maith go dtí 1942. Ó shin ar aghaidh, bíodh drámaí á léiriú ag Amharclann na Mainistreach anois is arís. Ach bhí athnuachan ar leith i ndrámaíocht na Gaeilge le Halla an Damer ó 1955-76, agus arís eile i 1992-2001 nuair a bunaíodh Amharclann de hÍde, a chuir a gcuid léirithe go léir ar stáitse na Péacóige. Agus ón am a bunaíodh an Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge i 1928, tá clár oibre ag eascairt uathu siúd, ach faraor, arís le tréimhsí ciúine go minic.



Drámaíocht na Gaeilge II

Tá roinnt mhaith blianta ann ó bhí léiriú ag Amharclann na Mainistreach ar cheann dá stáitsí féin, cé is moite de roinnt léirithe neamhspleácha nó léirithe de chuid na Taibhdheirce. Bhí tráth ann go raibh Gaeilge ar a dtail ag gach aisteoir a d'oibrigh d' Amharclann na Mainistreach, agus is léir go bhfuil aisteoirí, stiúrthóirí agus dearthóirí iontacha amuigh ansin réidh le tabhairt faoin obair seo. Tá canóin luachmhar scrípteanna Gaeilge ann freisin, agus traidisiún láidir i scríbhneoireacht na Gaeilge ar aistriúcháin a dhéanamh ar dhrámaí Eorpacha chun iad a chur ar stáitse anseo.

Conas is féidir é seo a fheabhsú? Cad iad na ceisteanna ar chóir dúinne mar lucht féachana a chur orainn féin?

An bhfuil rud éigin ar leith le rá ag scríbhneoirí na Gaeilge?

An bhfuil luach fós leis an eispéaras amharclainne? An bhfuilimid ar fad ró-thógtha le bheith ag faire ar ár ngutháin nó na seirbhísí sreabhadh dár gcuid siamsaíocht, nó an bhfuil spás sa saol fós le haghaidh suí i seomraí le stráinséirí, ag breathnú ar scéal le chéile?

Cad is dóigh leatsa a chabhródh le hathbheochan eile i ndrámaíocht na Gaeilge?

Nuala Ní Dhomhnaill



Rugadh Nuala i Lancashire agus tháinig go hÉirinn nuair a bhí sí cúig bliana d'aois. Ghnóthaigh sí céim BA ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, i 1972. Phós sí geolaí Turcach, Dogan Leflef (nach maireann), agus tá ceathrar clainn orthu.

Chaith siad seacht mbliana idir an Ollainn agus an Tuirc. Bhí Nuala ar bhaicle *INNTI* agus mhair tionchar na tréimhse sin ina cuid filíochta. Is iomaí cnuasach filíochta, dráma do pháistí, script scannáin, díolaim, alt, léirmheas agus aiste foilsithe ag Nuala. Sa bhliain 1981 a foilsíodh an chéad chnuasach filíochta uaithi, *An Dealg Droighin*. Foilsíodh freisin *Féar Suaithinseach* (1984); *Feis* (1991); *Spíonáin is Róiseanna* (1993); *Cead Aighnis* (1999).

Tá sí ina ball d'Aosdána agus bhí sí mar Ollamh Filíochta na hÉireann (2001-2004). Is mó scoláireacht, duais, agus sparánacht faighte aici. Ina measc seo tá an mórghradam idirnáisiúnta, Duais Herbert, a bronnadh uirthi i 2018, an chéad bhean a bhain an duais sin amach.

Samhlaíocht agus béaloideas agus na seanamhráin a bhíonn aici mar thobar dá saothar. Tá féith an ghrinn agus rian den fheimineachas le brath ar chuid dá saothar chomh maith. I nGaeilge amháin a bhíonn Nuala ag scríobh, ach fáiltíonn sí roimh aistriúcháin dá saothar féin. Dar léi *'Irish is a language of beauty, historical significance, ancient roots and an immense propensity for poetic expression through its everyday use'*.

Is cinnte gurb í an duine is oiriúnaí le tabhairt faoi aistriúchán a dhéanamh ar dhráma fíleata Aeschylus, agus tá saibhreas a cuid filíochta le clos i ngach aon líne, agus a doimhin-thuisctint ar an béaloideas agus ar chultúr an domhan clasaiceach le brath síos tríd.






Ábhar Comparáide: Cré na Cille

Scríobh Máirtín Ó Díreáin úrscéal dar teideal *Cré na Cille*, ina raibh an scéal ar fad lonnaithe faoi thalamh, leis na mairbh ar fad ag caint lena gcomharsana mar a bhíodh siad nuair a bhí siad beo. Ceann de na gnéithe is spéisiúla ná go dtéann roinnt de na mairbh i dtáithí ar an saol i dtír na mairbh agus go dtuigeann siad nach bhfuil na nithe a bhí tábhachtach ós cionn na talún tábhachtach níos mó. Ach roinnt eile, tá siad chomh tógtha sin leis na sean-argóintí, ach ní thuigeann siad nach bhfuil aon chumhacht acu níos mó rudaí a athrú sa saol mór.

Tá sé sin le brath i Darius, agus an slí go dtuigeann sé nach fiú impireacht, saibhreas agus cumacht a thuilleadh ins an áit ina bhfuil sé. Déanann sé iarracht an ceacht sin a mhúineadh dá chomrádaithe, ach n'fheadar an éiríonn leis.


Deineadh leagan scannáin de *Cré na Cille* i 2007 agus is féidir míreanna aisti a fheiscint ar shuíomh na léiritheoirí, www.rosq.ie





Ábhar Comparáide: Titanic

An príomhnasc idir seo agus *Na Peirsigh* ná go dtagaimid isteach ag an tús agus fios againn go bhfuil na Peirsigh chun cailliúint. Ní dócha go ndeachaigh éinne chuig *Titanic* ag ceapadh gur éirigh leis an long an tAigéan Atlantach a thrasnú gan stró! Uaireanta, is féidir linn deireadh an scéil a bheith againn, ach fós táimid ar bís a fheiscint conas mar a thiteann an scéal sin amach. Díreach mar a leanamar Jack agus Rose, agus fios maith againn go raibh cúrsaí chun éirí dáinséarach, breathnaímid ar *Na Peirsigh* agus fios maith againn go mbeidh gach rud tubaisteach. Is ins an insint atá an scil. Conas mar a chuimhníonn na haisteoirí ar an liosta mór fada ainmneacha sin? Conas atá an Teachtaire in ann gach uile nóiméad den chath a chur ós ár gcomahir amach, amhail is go rabhamar ag faire air in éineacht leis? Agus conas mar a bhí sé don lucht féachana sa Ghréig i 472BCE, agus iad ag breathnú ar rudaí a tharla cúpla bliain roimhe sin?






Ábhar Comparáide: Der Untergang

Deirtear gur chiallaigh an bua ar na Peirsigh go raibh na Gréigigh in ann bláthú mar chultúr, agus gurb as an mbua i gCath Salamis a tháinig borradh chultúr na Gréige, le fealsúnacht, polaitíocht, daonlathas, oideachas, agus ealaíon ag teacht chun cinn. Deirtear gurb é an bua ag an daonlathas ar an uathlachas. Sé sin, an pobal i bhfeighil ar cé a rialaíonn sa tír, nó deachtóir a deireann le cách cé a bheidh i bhfeighil.

Tá clú ar *Der Untergang* (nó *Downfall* i mBéarla) mar an scannán a chruthaigh na méimeanna go léir faoi Hitler ag béicíl ar a ghinearáil, ach go bhfuil na fotheidil aistrithe chun rud eile, níos greannmhara, a rá. Ach is dráma ana chumhachtach é freisin, faoin mórtas agus faoin uathlachas. Pléann sé an géilleadh do mhianta aon duine amháin, agus an baol atá ann do chách má imíonn an duine sin ar mire le teann cogáíochta.







Ábhar Comparáide: Dunkirk

Scannán iontach eile chun buile na cogaíochta a thaispeáint dúinn, agus arís nuair a thuigimid ó thús nach bhfuil chun éirí leis na saighdiúirí atá á leanúint againn. Tá fórsaí na Breataine ag iarraidh teitheadh ón Fhrainc, agus iad ag brath ar ghnáthdaoine i mbáid beaga le teacht i gcabhair orthu. Taispeánann an scannán dúinn conas mar is féidir le saighdiúirí casadh ar a chéile, fiú má tá siad ar an taobh céanna, nuair atá siad i ngéarchéim. Tá ceachtanna ann faoin éadóchas, agus faoin dílseacht dá chéile, faoin gcrógacht in aghaidh na tubaiste, agus arís, faoin cur amú uafásach beatha

An dtagann aon saothar ealaíne eile chun cinn duit agus tú ag machnamh faoin léiriú seo de *Na Peirsigh*? Leabhar, Scannán, Dráma, Pictiúr, is cuma cén saghas ealaíne. Is féidir spreagadh a fháil, agus nascanna a dhéanamh ar go leor bealaí.



Léarscáil: Cathairstáit na Gréige agus Impireacht na bPeirseach



Is féidir a thuilleadh a fhoghlaim faoi dhomhan na bPeirseach i bpodchraoladh spéisiúil
Conor Hanratty, atá ar fáil i mBéarla [anseo](#).